

**Bileog 10.1b****Foinse:** TG4 (Ar fáil ag: [10\\_01b.wmv](#))**Dáta:** 30 Márta 2009**Eimear Ní Chonaola**

Tá ceiliúradh céad caoga bliain an *Irish Times* ar bun an tseachtain seo le forlonta breise ag déanamh cur síos ar stair an pháipéir. Tá suntas tugtha do cholúnaithe Gaeilge a bhí san *Irish Times* - daoine mar Myles na gCopaleen, Máirtín Ó Cadhain agus Breandán Ó hÉithir. Seo í Irene Ní Nualláin.

**Irene Ní Nualláin**

Bhí traidisiún láidir colúnaíochta Gaeilge san *Irish Times* agus daoine a raibh clú agus cáil orthu i saol na Gaeilge a bhí i roinnt mhaith de na colúnaithe seo.

**Deaglán de Bréadún, *Irish Times***

An chéad alt Gaeilge is dóigh liom a bhí sa pháipéar ná ceann a scríobh Myles na gCopaleen ag tús mhí (*mí* a deirtear) Dheireadh Fómhair 1940. Bhí sé an-chairdiúil le heagarthóir an *Irish Times* ag an am, *Bertie Smyllie*, agus is dóigh liom go mbíodh siad ag ól i dteannta a chéile thall sa *Palace Bar*. Tugann sé stádas don teanga agus don pháipéar freisin ar ndóigh má bhíonn Gaeilge sa pháipéar, go dtuigeann, go gcuireann sé in iúl do dhaoine nach rud siombalach amháin é ach gur féidir í a úsáid mar ghléas cumarsáide, ag plé le scéalta nuachta, scéalta reatha.

**Regina Uí Chollatáin**

Braithim féin go raibh tábhacht ar leith ag baint leis an dóigh a raibh colún Gaeilge taobh leis an Bhéarlachas, agus a leithéid siúd fosta. Thug sé ardán don Ghaeilge agus do ghuth na Gaeilge nach raibh ar fáil ina lán ardán poiblí ag an am sin go háirithe. Phioc sé suas rudaí a raibh baint acu leis an ghnáthshaol agus chuir siad iad i gcomhthéacs an Ghaeilgeora agus saol na Gaeilge, agus a leithéid - ba léir mar sin go raibh fóram ann don cholún Gaeilge. Agus, mar a fheiceann muid anois, Alan Titley ar ndóigh, agus *Beocheist*, a thugann deis do dhaoine óga agus do dhaoine...do shaoririseoirí agus a leithéid.

**Irene Ní Nualláin**

Agus céad caoga bliain an *Irish Times* á cheiliúradh an tseachtain seo feicfidimid an mbeidh an tábhacht chéanna ag baint leis an gcolúnaíocht Ghaeilge sa bpáipéar is a bhí san am atá caite. Irene Ní Nualláin, Nuacht TG4.



## Bileog 10.4

Foinse: TG4 (Ar fáil ag: [10\\_04.wmv](#))

Dáta: 22 Márta 2009

### ***The Story of Irish Cinema – Arthur Flynn***

Rugadh Sidney Olcott do mháthair Éireannach i gCeanada sa bhliain 1873. Agus é ina fhear óg, mian a chrío a bheith ina aisteoir. Agus ar nós a lán eile chuaigh go Nua-Eabhrac agus thosaigh ag obair san amharclann ar dtús sula dtosaigh sé ar na scannáin. Thosaigh sé ag aisteoireacht i ngearrscannáin sa bhliain 1904 do *Biograph Studios* agus sul i bhfad thosaigh sé ar an stiúradh. Bhain Olcott cáil amach mar stiúrthóir le talann agus bhí an-éileamh air, *Kalem Studios* ina measc. Thairg siad deich dollar in aghaidh an scannáin dó ar choinníoll go ndéanfadh sé gearrscannán in aghaidh na seachtaine. Ghlac Olcott lena dtairiscint agus thosaigh sé láithreach ag stiúradh scannán – an chéad leagan scannáin de *Ben Hur* ina measc. Nuálaí ab ea Olcott agus bhí sé de rún aige scannáin a dhéanamh ar an láthair agus bhíodh sé i gcónaí ag faire amach do láithreacha suimiúla. Bhí sé mar aidhm aige a bheith mar an chéad stiúrthóir a dhéanfadh scannán lasmuigh de Mheiriceá. Agus, le nach gcaillfeadh *Kalem Company* é, thugadar sin an cead dó.

### **Mick Gleeson, Muckcross House**

De bhunús na hÉireann é Olcott agus nuair a bheartaíodar imeacht as na Stáit chun scannán a dhéanamh d'iarradar ar Olcott tír a roghnú agus do roghnaigh sé an tír seo toisc an dlúthcheangal a bhí aige leis mar rugadh é, deirtear, i ngiorracht trí mhí dá thuismitheoirí an tír seo a fhágáil.

### ***The Story of Irish Cinema – Arthur Flynn***

Agus is mar sin a tháinig Sidney Olcott i dtír i gCóbh le foireann bheag scannánaíochta, ina measc an príomhaisteoir mná agus príomh-scriptscríbhneoir Gene Gauntier, an t-aisteoir (an aisteoir a deirtear) Robert Vignola agus fear camera George Hollister. Mórfoireann le chéile, thaistil siad timpeall na tíre ag lorg láthair oiriúnach le tús a chur lena gcuid scannánaíochta agus roghnaíodar Lios an Phúca (*Beaufort*) in aice le locha Chill Airne.

